AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ciorclán 0014/2015

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna agus Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta, agus chuig Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

**Síneadh Breise ar an 'Tréimhse Chairde' a bhaineann le Sochair Aoisliúntais i leith Múinteoirí**

1. De réir ordú an Aire um Oideachas agus Scileanna, tagraím do Chiorclán 32/2013 (múinteoirí bunscoileanna) agus do Chiorclán 0005/2014 agus 0006/2014 (múinteoirí iar-bhunscoileanna), ina sonraítear go ríomhfar sochair aoisliúntais múinteora a théann ar scor ar an 31 Lúnasa 2014, nó roimhe sin, faoi threoir na scálaí pá agus liúntais inphinsin a bhain leis/léi ar an 30 Meitheamh 2013. Rinneadh an 'Tréimhse Chairde' seo a shíneadh ina dhiaidh sin go 30 Meitheamh 2015, i gCiorclán 0035/2014.

2. Tá an Rialtas anois tar éis cinneadh an 'Tréimhse Chairde' a shíneadh tuilleadh agus dá bhrí sin ríomhfar sochair aoisliúntais múinteora a théann ar scor ar an 30 Meitheamh 2016, nó roimhe sin, faoi threoir na scálaí pá agus liúntais inphinsin a bhain leis/léi ar an 30 Meitheamh 2013.

3. Tabhair do bhur n-aire go dtéann an litir chiorcláin seo in ionad Chiorclán 0035/2014.

4. Cinntigh le bhur dtoil, go gcuirfear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/Bhord Oideachais agus Oiliúna, agus go ndíreofar aird gach múinteora atá fostaithe agaibh ar a gcuirtear in iúl ann, iad siúd atá as láthair, le cead nó gan chead, san áireamh.

5. Tá teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag http://www.education.ie

________________

Philip Crosby
Príomhaí

17 Feabhra 2015